Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2020**
**(OR. en)**

**6650/20**

**ENV 160**
**ENER 77**
**IND 29**
**TRANS 102**
**ENT 27**
**SAN 77**
**AGRI 83**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Márta 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6338/20 |
| Ábhar: | Cáilíocht an aeir a fheabhsú<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3754ú cruinniú dá cuid, an 5 Márta 2020.

**Cáilíocht an Aeir a Fheabhsú**
**– Conclúidí ón gComhairle –**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht *A Europe that protects*: *Clean air for all*[1], [Eoraip a chosnaíonn: aer glan do chách] ina leagtar amach iarrachtaí beartais an Aontais chun tacú le bearta costéifeachtacha, agus lena n-éascú, arna ndéanamh ag Ballstáit chun astaíochtaí ó earnálacha éagsúla a laghdú ionas go mbeidh siad in ann a spriocanna náisiúnta i dtaca le laghdú astaíochtaí agus a gcaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a bhaint amach, ina n-aithnítear gníomhaíochtaí comhpháirteacha a rinneadh, ina sainaithnítear deiseanna cistiúcháin, ina dtugtar forléargas ar staid na himeartha agus ar chomhlíonadh, agus ina moltar gníomhaíochtaí forfheidhmithe breise agus an bealach chun cinn;

2. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart a áirithiú, de réir an 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil, go mbeidh feabhas suntasach tagtha faoi 2020 ar cháilíocht an aeir lasmuigh san Aontas, ag teannadh níos gaire do na leibhéil atá molta ag EDS[2];

3. MEABHRAÍTEAR DI an chéad leagan d'Ionchas an Aeir Ghlain san Aontas[3], ina meastar, le cur chun feidhme iomlán an phacáiste beart a ghlac na comhreachtóirí ó seoladh an clár Aer Glan 2013, go mbeidh tiúchan mínábhair cháithnínigh i bhformhór an Aontais faoi threoirluach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) faoi 2030, agus go n-áiritheofar go laghdófar go mór na tionchair ar an tsláinte;

---

1 9048/18

2 Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal *Living well, within the limits of our planet* [Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid] (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

3 10360/1/18 REV 1

4. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí a bhí ann maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Air pollution: Our health still insufficiently protected*[4] [Aerthruailliú: Fós, níl dóthain cosanta á tabhairt dár sláinte], inar cuireadh i bhfios go láidir an gá atá le tuilleadh beart éifeachtach maidir le cáilíocht an aeir agus reachtaíocht chomhleanúnach ar fud bheartais an Aontais, agus go gcaithfear an fhianaise eolaíoch is déanaí maidir leis na tionchair ar shláinte an duine agus treoirlínte EDS a chur san áireamh;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh[5] agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí atá inti; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chonclúid inti go raibh na Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh oiriúnach a bheag nó a mhór agus go bhfuil siad comhleanúnach le creat beartais foriomlán an Aontais maidir le haer glan, lena n-áirítear go háirithe an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta; AITHNÍONN SÍ gur bonn rialála comhleanúnach iad na Treoracha chun cáilíocht an aeir san Aontas a fheabhsú agus chun critéir mheasúnaithe chomhchuibhithe a leagan síos i leith cháilíocht an aeir ar fud an Aontais;

6. AITHNÍONN SÍ gur chuir beartas an Aontais maidir le haer glan go mór leis an bhfeabhas ar cháilíocht an aeir san Aontas, agus níos lú daoine i mbaol truaillithe aeir dhíobhálaigh i gcomparáid le 2008; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, go bhfuil an truailliú aeir fós ar an gcúis chomhshaoil is tábhachtaí le fadhbanna sláinte san Aontas, a meastar é a bheith ina chúis le breis is 400 000 bás anabaí gach aon bhliain; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil daoine i limistéir uirbeacha i gcontúirt faoi leith; AITHNÍONN SÍ go bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag truailliú aeir ar éiceachórais agus go gcuireann sé le cailliúint na bithéagsúlachta;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go raibh na Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ina dtreoir agus faireachán ionadaíoch ardcháilíochta ar cháilíocht an aeir á bhunú, agus caighdeáin shoiléire maidir le cáilíocht an aeir á leagan síos, agus gur éascaíodh malartú faisnéise iontaofa, oibiachtúla agus inchomparáide maidir le cáilíocht an aeir ó cheann ceann na mBallstát, lena n-áirítear do phobal níos leithne, as ar tháinig méadú ar fheasacht an phobail agus tacú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán maidir le cáilíocht an aeir; AITHNÍONN SÍ, áfach, gur cuireadh in iúl roinnt ábhar imní go bhféadfadh, a bhuí le forálacha áirithe, roinnt discréide a bheith ann, i gcásanna áirithe, maidir le dearadh an líonra faireacháin;

---

[4] 15782/18
[5] 14712/19

8. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar cháilíocht an aeir le deich mbliana anuas de bharr na gcaighdeán a bunaíodh maidir le cáilíocht an aeir, go háirithe na teorainnluachanna; MEASANN SÍ, mar sin, go bhfuil sé fíor-riachtanach leanúint de theorainnluachanna a úsáid chun sláinte na saoránach a chosaint; AITHNÍONN SÍ, áfach, nach raibh na Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh éifeachtach go hiomlán agus go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcreat atá ann cheana féin lena áirithiú go mbeidh cáilíocht an aeir go maith ar fud an Aontais sa chaoi go bhféadfaí éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ina iomláine a sheachaint;

9. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an gcinneadh gur ceanglas cinntitheach a bhí sa cheanglas faoi na Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh gníomhaíocht feabhais a dhéanamh i gcás sáruithe a tugadh faoi deara chun feabhsuithe ar cháilíocht an aeir a spreagadh ach AITHNÍONN SÍ nár leor i gcónaí an ghníomhaíocht a dhéantar ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh agus chun sáruithe a choimeád chomh gearr agus is féidir agus go bhfuil dúshláin cur chun feidhme fós ann i roinnt réimsí, lena n-áirítear go gcaithfear comhleanúnachas na gníomhaíochta a áirithiú idir leibhéil éagsúla rialachais agus idir earnálacha éagsúla;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI aidhm an Choimisiúin, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht uaidh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic leis an truailliú trí ghníomhaíochtaí coisctheacha agus feabhais agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú aeir a luaitear inti; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht ar an reachtaíocht atá ann cheana féin maidir le cáilíocht an aeir, lena n-áirítear torthaí na Seiceála Oiriúnachta, chun a mheas ar cheart an creat dlíthiúil reatha a athbhreithniú chun gur féidir forálacha maidir le cáilíocht an aeir a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus an fhianaise eolaíoch is déanaí maidir leis an tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol á cur san áireamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart aon togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, a bheith faoi réir measúnú cuimsitheach tionchair;

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir, agus IS FADA LÉI go ndéanfar na tograí sin a phlé, lena n-áirítear ailíniú níos dlúithe a d'fhéadfadh a bheith idir caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus treoirlínte EDS maidir le cáilíocht an aeir, atá á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta faoi láthair; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an phríomhaidhm atá leis na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a neartú tionchar diúltach an truaillithe aeir ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a laghdú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé iarracht a dhéanamh leibhéil treoirlíne cáilíochta aeir EDS a bhaint amach agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha na Náisiún Aontaithe; mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI, d'ainneoin na n-iarrachtaí atá á ndéanamh an truailliú aeir a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, nach bhfuil na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir á gcomhlíonadh i roinnt mhaith Ballstát i gcás truailleáin áirithe agus nach mór gníomhú go hiomchuí ar gach leibhéal a luaithe is féidir;

12. MOLANN SÍ don Choimisiún an t-athbhreithniú ar na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chomhlánú, go háirithe na teorainnluachanna, a bhí éifeachtach agus atá fós bunriachtanach chun íosleibhéal cosanta a áirithiú, agus tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tslí a bhféadfadh cur chuige atá bunaithe ar tháscairí maidir le nochtadh meánach rannchuidiú le nochtadh foriomlán an daonra i gcoitinne a laghdú, agus an tionchar ar ghrúpaí leochaileacha á chur san áireamh, i ngach limistéar laistigh de na criosanna ainmnithe agus sna ceirtleáin ainmnithe i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE[6], agus le sláinte an duine a fheabhsú; ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar na caighdeáin reatha maidir le cáilíocht an aeir don ózón a athbhreithniú i bhfianaise an mheasúnaithe ar imthosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar leibhéil an ózóin, amhail cúinsí geografacha agus aeráideolaíochta;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb iad modhanna iompair, de bhóthar agus de shlite eile, na príomhfhoinsí truaillithe aeir san Aontas; an earnáil tráchtála, earnálacha na n-institiúidí agus na dteaghlach, lena n-áirítear téamh tithe cónaithe; táirgeadh agus dáileadh fuinnimh; úsáid fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta; próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí; talmhaíocht agus dramhaíl;

---

6 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

14. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá, má táthar chun beartas d'aer glan a bheadh éifeachtach a bhaint amach, cur chuige comhtháite a fheidhmiú lena bhféachfaí le comhleanúnachas, a ndéantar meastóireacht air go tráthrialta, a áirithiú le beartais eile chomhshaoil agus le gach réimse ábhartha beartais eile, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le foinsí astaíochtaí, mar shampla an aeráid, tionsclaíocht, fuinneamh, iompar agus talmhaíocht, agus ar cur chuige é lena mbainfí úsáid níos fearr as na sineirgí idir gach réimse beartais, chomh maith leis na deiseanna a thagann ón ngeilleagar ciorclach, agus comhbhabhtálacha á seachaint ag an am céanna; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a riachtanaí atá sé go ndéanfaí comhthairbhí a áirithiú idir gníomhú ar son na haeráide agus cáilíocht an aeir, mar a measadh go cuí sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Clean Planet for All – A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy*[7] [Pláinéad Glan do Chách – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach], rud a d'fhágfadh go dtiocfadh feabhas ar cháilíocht an aeir, ar shláinte an duine agus ar éiceachórais;

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh na cuspóirí maidir le cáilíocht an aeir le feiceáil go soiléir i reachtaíocht an Aontais maidir le foinsí astaíochtaí agus i ndearadh tionscnamh nua earnálacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht chliste, comhtháthú cliste earnálacha, fuinneamh inathnuaite, athchóiriú foirgneamh, téamh tithe cónaithe, talmhaíocht agus tionsclaíocht, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS an fhreagracht chomhpháirteach atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit as cáilíocht an aeir a choimeád agus a fheabhsú; IARANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go rannchuideoidh aon tograí le haghaidh reachtaíocht an Aontais maidir le foinse astaíochtaí san Aontas go leordhóthanach chun caighdeáin cháilíocht an aeir a bhaint amach;

16. MEASANN SÍ gur gá grinnscrúdú rialta a dhéanamh ar thionchar phacáiste iomlán bheartais an Aontais maidir le haer glan; i ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear, a bhuí le hIonchas débhliantúil an Aeir Ghlain, nuashonruithe rialta ar fáil maidir le staid cháilíocht an aeir san Aontas, agus go nglacfar in 2020 an chéad tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta a chur chun feidhme; TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go bhfuil meastóireacht ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) ar siúl faoi láthair, lena ndéanfar measúnú breise ar na naisc idir an reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir agus an reachtaíocht lena dteorannaítear astaíochtaí ó na suiteálacha tionsclaíocha agus ó na gléasraí dócháin is mó san Eoraip, agus IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN a áirithiú go dtugtar aghaidh ar fhoinsí ábhartha tionsclaíocha uile an truaillithe aeir;

---

[7] 15011/18

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur léir ón tSeiceáil Oiriúnachta, ar an iomlán, go dtacaíonn beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir; CUIREANN SÍ I dTREIS gur den ríthábhacht é, leis na ceanglais nua maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí faoin Treoir Éicidhearthóireachta, lena n-áirítear na ceanglais do théitheoirí agus do choirí, critéir nua inbhuanaitheachta an Aontais faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite[8], an t-athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) chomh maith leis na cláir náisiúnta maidir le truailliú aeir a rialú (NAPCPanna) agus na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna), go leanfar de chur leis an gcomhleanúnachas agus leis na sineirgí, agus comhbhabhtálacha á seachaint ag an am céanna, mar shampla i gcás bithmhais a bheith in úsáid le haghaidh tithe cónaithe a théamh agus le haghaidh suiteálacha meánmhéide dócháin;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh maidir le dícharbónú na hearnála iompair chun bogadh i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, rud ar cheart comhthairbhí a bheith aige freisin do cháilíocht an aeir; AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar an truailliú a dhéantar ar an aer de bharr astaíochtaí ón iompar, go háirithe i gcathracha, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag feithiclí athláimhe allmhairithe; IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin caighdeáin níos déine a mholadh maidir le hastaíochtaí truailleán aeir le haghaidh feithiclí innill dócháin, agus truailleáin nach bhfuil rialaithe go fóill á gcur san áireamh freisin; MOLANN SÍ seiceálacha inseirbhíse a neartú chun go gcomhlíonfaí na caighdeáin maidir le hastaíochtaí truailleán le haghaidh feithiclí innill dócháin, agus béim ar leith á leagan ar thástáil le linn fíordhálaí tiomána;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin tuilleadh gníomhaíochta a mholadh chun astaíochtaí ó mhuiriompar a laghdú, agus cineál domhanda na loingseoireachta idirnáisiúnta á chur san áireamh, agus ó loingseoireacht intíre, agus bearta chun cáilíocht an aeir a fheabhsú i gcalafoirt agus i ngaireacht d'aerfoirt; sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ leis an iarracht a rinne na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona ag COP21 maidir leis an Meánmhuir;

[8] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léiríodh leis an tSeiceáil Oiriúnachta gur tháinig laghdú i bhfad níos lú ar astaíochtaí amóinia, ar réamhtheachtaí ábhair cháithnínigh iad, ná mar a tháinig ar astaíochtaí eile le deich mbliana anuas, *inter alia* mar gheall ar easpa reachtaíochta maidir le foinsí sonracha; AITHNÍONN SÍ gurb í earnáil na talmhaíochta an phríomhfhoinse d'astaíochtaí iomlána amóinia ó cheann ceann an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil bearta chun astaíochtaí den sórt sin a mhaolú ar fáil cheana atá inmharthana go teicniúil agus go heacnamaíoch agus MOLANN SÍ go ndéanfaí na bearta sin a úsáid ar bhonn níos leithne; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt athchóirithe déanta cheana féin ar CBT chun feabhas a chur ar a inbhuanaitheacht comhshaoil ach, fós féin, go bhfuil tuilleadh feabhsuithe ag brath ar thoradh na caibidlíochta maidir le todhchaí CBT i ndiaidh 2020;

21. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach atá déanta cheana féin ag an Aontas agus ag na Ballstáit, amhail Idirphléití maidir le hAer Glan agus an Fóram maidir le hAer Glan; TACAÍONN SÍ le comhar feabhsaithe idir an tAontas, na Ballstáit agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla; TACAÍONN SÍ freisin le comhar réigiúnach agus gníomhaíocht nithiúil chun truailliú aeir trasteorann a chomhrac, lena n-áirítear faoi Choinbhinsiún Aeir Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip;

22. AITHNÍONN SÍ, de réir na measúnuithe a rinneadh le déanaí[9], go leanann truailliú aeir de bheith ina chúis thromchúiseach le fadhbanna sláinte i dtíortha na mBalcán Thiar, go háirithe i limistéir uirbeacha agus thionsclaíocha, agus go bhfuil éifeacht dhiúltach aige ar an gcomhshaol; IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin Clár Oibre Glas do na Balcáin Thiar a ghlacadh d'fhonn tacú leis na tíortha sa réigiún sin gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh san aistriú glas, lena n-áirítear feabhas a chur ar cháilíocht an aeir trí ailíniú le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir;

---

[9] *European Environment Agency Brochure No 1/2020: Western Balkan Countries – 20 years of cooperation with the EEA – Key developments, achievements and the way ahead* [Bróisiúr Uimh. 1/2020 na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil: Tíortha na mBalcán Thiar – 20 bliain de chomhar le LEE – Príomhfhorbairtí, éachtaí agus an bealach chun cinn](LEE, Cóbanhávan, 2019)

23. AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí, le treoir bhreise agus, de réir mar is iomchuí, ceanglais níos soiléire sna Treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh iad féin, agus cúinsí áitiúla sonracha á gcur san áireamh i gcás inar gá, cabhrú le gurbh éifeachtaí agus gurbh éifeachtúla a bheadh faireachán, samhaltú agus foráil do phleananna agus bearta agus a gcur chun feidhme, agus go bhféadfaí na bealaí cur chuige maidir leo a chomhchuibhiú a thuilleadh; TACAÍONN SÍ leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún i ndáil leis sin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena n-áirítear leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digiteáil;

24. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá leis na hinfheistíochtaí riachtanacha chun tacú le truailliú aeir a laghdú toisc gur mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le beartais maidir le cáilíocht an aeir ná an costas a bhaineann lena gcur chun feidhme; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt don chistiú atá ar fáil d'fheabhsuithe ar cháilíocht an aeir agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain níos fearr ar an gcistiú sin agus go n-úsáidfí é; i ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ tionscnaimh shonracha a chur ar fáil, gan dochar don toradh a bheidh ar chaibidlíocht leanúnach CAI, le haghaidh na mbeart is costéifeachtaí chun sláinte a fheabhsú i limistéir a bhfuil saintréithe geografacha nó aeráideolaíochta ar leith acu agus a fhágann gur mó an dúshlán atá ag baint le comhlíonadh teorainnluachanna maidir le cáilíocht an aeir; MOLANN SÍ, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as na comhthairbhí atá ann do na spriocanna aeráide agus do cháilíocht an aeir chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil;

25. i gcomhréir lena conclúidí an 5 Nollaig 2019[10], MEASANN SÍ go bhféadfaidh cánachas fuinnimh, mar ionstraim fhioscach, a bheith ina chuid thábhachtach de na dreasachtaí eacnamaíocha lena stiúrtar an t-aistriú fuinnimh rathúil, ag spreagadh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus infheistíochtaí coigiltis fuinnimh agus ag cur leis an bhfás inbhuanaithe ag an am céanna;

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na meastóireachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ar na treoirlínte ábhartha maidir le Státchabhair, lena n-áirítear na treoirlínte maidir le Státchabhair don chomhshaol agus don fhuinneamh, le go mbeadh rian chuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip le feiceáil orthu, rud a thacódh le haistriú costéifeachtach chuig aeráidneodracht faoi 2050, agus le gurbh fhusa deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise, go háirithe na breoslaí sin is mó a thruaillíonn, agus cothrom na Féinne á áirithiú sa mhargadh inmheánach ag an am céanna; CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé go gcuirfí cuspóirí cháilíocht an aeir san áireamh ina n-iomláine agus meastóireacht á déanamh ar na treoirlínte maidir le Státchabhair;

---

[10] 14608/19

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú gur féidir aistriú cothrom cóir a dhéanamh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le fuinneamh atá glan, inacmhainne agus leordhóthanach do shaoránaigh uile na hEorpa, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal;

28. CUIREANN SÍ i dTREIS gur den ríthábhacht é feabhas a chur ar fheasacht an phobail agus ar an bhfaisnéis faoi cháilíocht an aeir agus an tionchar a imríonn sí ar an tsláinte agus ar na héiceachórais agus TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún sna hiarrachtaí atá á ndéanamh aige chuige sin.